# Polasaí ar Dháileadh Leighis

## 1.1 Scóp
Baineann an polasaí seo le daltaí uile na scoile, lena dtuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bhfoireann agus le Bord Bainistíochta na scoile.

## 1.2 Réasúnaíocht
Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm chun;

a) Soiléiriú a thabhairt ar dhualgaisí agus freagrachtaí;

b) Treoir a thabhairt ar na cásanna nuair nách bhfuil sé oiriúnach leigheas a dháileadh;

c) Teorainn na ndualgaisí ar mhúinteoirí agus baill fóirne scoile a chur in iúl.

## 1.3 Baint le Éiteas na Scoile
Cruthaíonn an scoil dea-chaidreamh le gach teaghlach, ní amháin ó thaobh folláine na bpáistí, ach gach gné dá saoil scoile. Cuidíonn an polasaí seo timpeallacht slán, sábhailte agus chomhbhách a chothú, ar aon dul le éiteas na scoile.
Mar scoil de chuid an Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, tá sé mar aidhm againn anseo éiteas cuimsitheach, dearfach a cothú bunaithe ar na croíluachanna:  meas, pobal, comhionannas, cúram agus barr feabhais san oideachas. Creidimid go bhfuil gach ball dár bpobal scoile i dteideal na dínite agus an chineáltais. Spreagaimid na daltaí meas a léiriú orthu féin, ar a chéile, agus ar a dtimpeallacht. Trí fhíorchúram agus tacaíocht, cothaímid folláine agus forbairt phearsanta gach dalta. Oibrímid le chéile mar phobal, ag ceiliúradh na héagsúlachta agus ag cur deiseanna cothroma chun cinn do chách. Agus sinn ag dréim le barr feabhais san oideachas, tá sé mar aidhm againn gach foghlaimeoir a spreagadh chun a lánchumas a bhaint amach agus cur go dearfach leis an saol mórthimpeall orthu.

## 1.4 Comhthéacs
Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhthéacs an Raiteas Sláinte agus Sábháilteachta, an Ráiteas Slainte agus Sábháilteachta, an Polasaí Riachtanais Speisialta Oideachais, an Polasaí Folláine, an Cód Iompair, an Polasaí Tréadchúram agus an Polasaí ar Thurasanna Scoile.

## 1.5 Spriocanna an Pholasaithe

Is iad spriocanna an pholasaithe seo ná;

a) Baoil sláinte ar leanaí agus baill fóirne ar thalamh na scoile a íoslaghdú;

b) Creat ina féidir leigheas a dháileadh i gcásanna éigeandála nó sa chás go bhfuil réamhshocrú le Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar dháileadh leighis rialta a thabhairt.

c) Róil agus freagrachtaí gach geallsealbhóir a shoiléiriú.

## 2. Modh Oibre Inmheánach Scoile

Tá sé de dhualgas ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí an roinn a bhaineann le Sláinte/Leigheas a líonadh san fhoirm iontrála. Níl sé de dhualgas ar aon mhúinteoir nó ball fóirne leigheas nó drugaí a dháileadh, agus feidhmíonn múinteoirí atá sásta é a dhéanamh faoi na treoirlínte dian thíos.

a) Ní dháileofar leigheas forordaithe ach amháin go scríobhfaidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta chuig an mBord Bainistíochta ag tabhairt cead do bhall don fhoireann mhúinteoireachta é a dhéanamh. Ní choimeádfar leigheas neamh-forordaithe sa scoil.

b) Go ginearálta, dáilfidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí leigheas lasmuigh d'uaireanta scoile;

c) Molann an scoil féin-dháileadh leighis, cosúil le análaitheoirí, faoi fheitheoireacht dhuine fásta. Ní choimeádfar aon leigheas neamh-forordaithe sa scoil. Coimeádfar méid beag leighis forordaithe san oifig sa chás go ndéantar leigheas a fhéin-dháileadh go laethúil, agus go bhfuil saoráid stórála ag teastáil ar scoil. Is iad Tuismitheoirí/Caomhnóirí atá freagrach as leigheas a dháileadh agus as aon fhógraíocht maidir le athrú dáileogachta;

d) Tá dualgas proifisiúnta ar mhúinteoirí sláinte agus sábháilteachta na ndaltaí a chaomhnú, agus iad ar scoil agus ar imeachtaí scoile;

e) Iarrann an Bord Bainistíochta ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí an scoil a chur san eolas maidir le aon riocht leighis a bhaineann lena bpáiste;

f) Ní thugann sé sin le tuiscint go bhfuil dualgas phearsanta ar mhúinteoirí leigheas nó drugaí a dháileadh.

## 3. Fadhbanna Slainte Fad-Téarmach

Caithfear socruithe soiléir agus ceart a leagadh amach leis an scoil faoi dháileadh leighis sa chás go bhfuil dalta le riachtanas leighis fad-téarmach ag freastal ann. Is é

seo freagracht na dTuismitheoirí/Caomhnóirí. Bheadh socruithe maidir le féin-dháileadh, dáileadh faoi fheitheoireacht thuismitheora nó ball fóirne ag dáileadh san áireamh sna socruithe seo.

## 4. Riocht a chuireann saol duine i mbaol

Ní mór do Thuismitheoirí/Caomhnóirí na céimeanna le tógaint i gcás éigeandála a chur i scríbhinn, ag tagairt go mion ar na rudaí a chuirfidh an leanbh i mbaol (Agúisín 3). Má tá leigheas éigeandálach riachtanach, ní mór socruithe a dhéanamh leis an scoil.

## 5. Treoirlínte ar Dhaileadh Leighis

1. Ní mór do Thuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta Príomhoide na scoile a chur san eolas, i scríbhinn, faoi aon riachtanais leighis atá ag an leanbh, ag tabhairt gach eolas ar an riocht. Ní mór gach eolas maidir le dáileadh leighis a bheith san áireamh anseo freisin. (Agúisíni 1,2 agus 3);

2. Ní mór do Thuismitheoirí/Caomhnóirí iarratas i scríbhinn a chur chuig an Bord Bainistíochta ag lorg cead leigheas a dháileadh ar scoil;

3. Sa chás go bhfuil cead faighte ón Bhord leigheas a dháileadh ar scoil, caithfidh an Tuismitheoir/Caomhnóir/Duine Fásta Freagrach an leigheas a thabhairt ar scoil;

4. Ní mór taifead scríofa a choimeád ar an am agus dáta a dáileadh an leigheas. Coimeádfaidh an duine a dháil an leigheas an taifead seo (Agúisín 4);

5. Is iad Tuismitheoirí/Caomhnóirí atá freagrach as leigheas éigeandálach a thabhairt don scoil agus a athchur más gá. Ní freagracht na scoile é tuismitheoirí/caomhnóirí a chur san eolas nuair is ghá athchur a dhéanamh.

6. Ní mór eolas ar conas an leigheas éigeandáileach a dháileadh a bheith ar fáil don scoil;

7. Cuirfidh an Bord Bainistíochta Comhlacht Árachais na scoile san eolas faoi aon leigheas ar scoil a bhaineann le riocht a chuireann saol duine i mbaol;

8. Coimeádfar gach comhfhreagras a bhaineann leis seo ar scoil.

9. Cuirfear traenáil foirne ar fáil nuair a bheidh gá leis.

## 6. Leigheas

a) Moltar do Thuismitheoirí/Caomhnóiri leigheas a dháileadh taobh amuigh d’uaireanta scoile, más feidir;

b) Ní choimeádfar nó ní dháileofar leigheas neamh-forordaithe ar scoil;

c) Ní dháileoidh Múinteoirí nó Cúntóirí Riachtanaisí Speisialta leigheas forordaithe ach amháin má dhéantar socruithe mar atá leagtha amach thuas;

d) Déanfar socruithe maidir le stóráil leighis éigeandáileach leis an bPríomhoide. Caithfidh rochtain a bheith ar an leigheas seo i gcónaí;

e) Ní ceart go ndáileoidh aon mhúintoeir/chúntóir riachtanaisí speisialta aon leigheas gan cead an Bhoird Bhainistíochta. I gcásanna eisceachtúla, is féidir leigheas neamh-oideas a thabhairt do dhalta nuair a bhítear imithe thar oíche ar ghníomhaíochta scoile, le cead a dtuismitheoirí.

f) Caithfear an leigheas forordaithe a fhéin-dháileadh más féidir, faoi fhéitheoireacht múinteoir/cúntóir oideachais speisialta, muna bhfuil tuismitheoir ar fáil;

g) Níl sé de dhualgas ar aon mhúinteoir/cúntóir oideachais speisialta leighis nó drugaí a dháileadh ar dhalta;

h) Lorgófar cabhair éigeandálach chomh luath agus is feidir agus déanfar teagmhail le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás éigeandála;

i) Ní cheadófar do dhaltaí leigheas a choimeád ina málaí/gcótaí, srl;

j) Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí sonraí stórála leighis a roinnt leis an scoil nuair atá riachtanaisí leighis an pháiste á thabhairt don scoil.

## 7. Cásanna Éigeandála

a) Ní chóir do mhúinteoirí ach an méid is mó atá oiriúnach agus riachtanach a dhéanamh i gcás éigeandála chun faoiseamh a thabhairt ar thuilleadh anacair nó dochar. Ní mór cóir leighis cáilithe a lorg chomh luath agus is féidir i gcásanna mar seo.

b) Is féidir le ball fóirne ainmnithe leanbh a thabhairt go dtí an ospidéal nuair nách bhfuil aon chóir leighis ar fáil, agus go bhfuil gá le cóir leighis práinneach. Déanfar teagmháil le tuismitheoirí ag an am céanna.

c) Tá sé de dhualgas ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí múinteoirí a chur san eolas faoi aon riocht leighis atá ag cur as dá bpáiste. Mar shampla, d'fhéadfadh eachtra a bheith ag páiste le titeamas nó díbéitís mar shampla, agus ní mór na múinteoirí a bheith san eolas faoi na hairíonna a bhaineann leo chun an cóir leighis ceart a thabhairt don leanbh.

d) Ní mór sonraí pearsanta an dalta, ainm an leighis, an dáileogacht ceart, sonraí faoi chumas fhéin-dháilíocht an pháiste agus na cúinsí ina ceart an leigheas a dháileadh a chur i scríbhinn don scoil. Ní mór do Thuismitheoirí/Caomhnóiri

gnáthaimh cearta faoi leigheas a dháileadh ar pháistí le riocht a chuireann saol duine i mbaol a roinnt leis an scoil freisin.

e) Coimeádann an scoil clár shonraí teagmhála gach Tuismitheoir/Caomhnóir. Déantar é a uasdátú gach Meán Fómhair nó nuair is gá leis.

## 8. Boscaí Chéad Cabhrach

Tógtar bosca céad cabhrach ar gach turas agus imeacht scoile.

## 9. Moltaí Ginearálta

Moltar aon pháiste le comharthaí tinnis a choimeád sa bhaile; Ní mholtar iarrataisí ó thuismitheoirí paistí a choimeád laistigh ag am lóin nó ag am sosa.

## 10. Róil agus Freagrachtaí

Tá freagracht ar an mBord Bainsitíochta monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí ar dháileadh leighis agus é a chur i bhfeidhm. Déanfaidh Príomhoide na scoile bainsitíocht ar na gnáthaimh laethúla sa pholasaí seo i gcomhairle gach ball fóirne.

## 11.Critéir Ratha

Tomhasfar críochnúlacht an pholasaí ar na critéir seo;

a) Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteacht a chomhlíonadh;

b) Timpeallacht slán agus comhbhách do leanaí a chaomhnú;

c) Aiseolas ó gach geallsealbhóir;

d) A chinntiú go bhfanann an freagracht príomha ar thuismitheoirí/caomhnóirí leigheas a dháileadh ar a bpáistí.

Ghlac Bord Bainistíochta na scoile leis an bpolasaí seo ar an 15ú Deireadh Fómhair, 2019.
Rinneadh athbhreithniú air ar an 10ú Feabhra 2026.

Déanfar athbhreithniú rialta air, nó mar is gá.

Tá an polasaí seo ar fáil do gach geallsealbhóir.

**Agúisín1**
**Riocht Leighis agus Dáileadh Leighis**

Ainm an Dalta:_______________________________________________

Seoladh: _______________________________________________

Dáta Breithe: ____________

## Sonraí Teagmhála i gCás Éigeandála

1) Ainm: ____________________________ Fón: ___________________

2) Ainm: ____________________________ Fón: ___________________

3) Ainm: ____________________________ Fón: ___________________

4) Ainm: ____________________________ Fón: ___________________

Dochtúir an dalta: ____________________________ Fón: ________________

Riocht Leighis:

_________________________________________________________

Sonraí an Oidis:

_________________________________________________________

Sonraí Stórála:

_________________________________________________________

Dáileogacht ag Teastáil:

_________________________________________________________

An bhfuil an dalta freagrach as an leigheas a dháileadh orthu féin?

_________________________________________________________

Cad iad na céimeanna le tógaint?

_________________________________________________________

Iarraim/Iarraimid ar Bhord Bainistíochta na scoile cead a thabhairt leigheas forordaithe a thógaint i rith an lá scoile toisc go bhfuil sé riachtanach do shláinte agus folláine mo/ár leanbh. Tuigim/Tuigimid nách bhfuil aon shaoráid stórala ag an scoil agus tabharfar an méid leigheas ceart isteach gach lá. Tuigim/Tuigimid go gcaithimid an scoil a chur san eolas, i scríbhinn, sa chás go mbeidh athrú ar an dáileogacht. Tuigim/Tuigimid nách bhfuil aon thraenáil leighis ag aon bhall fóirne agus slánaimid an Bord ó aon dliteanas a d'fhéadfadh titim amach de bharr dáileadh leighis.

Síniú ________________________ Tuismitheoir/Caomhnóir

________________________ Tuismitheoir/Caomhnóir

Dáta ________________________

## Agúisín 2
## Sonraí Ailléirge

Saghas Ailléirge: ____________________________________________________

Leibhéal
Frithghníomhaithe: ____________________________________________________

Leigheas: ____________________________________________________

Sonraí Stórala: ____________________________________________________

Dáileogacht
Riachtanach: ____________________________________________________

Próiséis Dháillíochta (Cathain, Cén Fáth, Conas)

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ___________________

Dáta: ___________________

## Agúisín 3
## Céimeanna i gCás Éigeandála

Sa chás go léiríonn ____________________________ aon airí den riocht leighis atá luaite, ní mór na céimeanna seo a thógaint.

Airí: ___________________

___________________

___________________

___________________

___________________

Céimeanna:

1. ______________________________________
2. ______________________________________
3. ______________________________________
4. ______________________________________
5. ______________________________________
6. ______________________________________

***Le chur san áireamh:***
***Cuir glaoch ar 999/112 agus déan teagmhail le Tuismitheoirí/Caomhnóirí.***

**Agúisín 4**
**Taifead ar Leighis a Dháileadh**

Ainm an Dalta: ______________________

Dáta Breithe: ______________________

Riachtanas Leighis: ____________________________________________________

Leigheas: ____________________________________________________

Meid Leighis Tugtha: ____________________________________________________

Sonraí (Cathain, Cén fáth, Conas)

________________________________________________________________________
________________________________________________________________________
________________________________________________________________________
________________________________________________________________________
________________________________________________________________________

Síniú: ___________________

Dáta: ___________________